An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge

Roinnt Moltaí do Sheachtain na Gaeilge 2009

Is deis iontach do scoláirí í Seachtain na Gaeilge chun Gaeilge a labhairt agus spraoi a bhaint aisti. Sa bhileog eolais seo, gheofar smaointe ón bhfoireann SLSS Gaeilge agus ó mhúinteoirí i scoileanna ar fud na tíre faoi imeachtaí agus gníomhaíochtaí is féidir a reáchtáil sa seomra ranga nó sa scoil. Tá eolas anseo chomh maith faoi na suímh idirlín atá bainteach le Seachtain na Gaeilge agus faoi acmhainní atá ar fáil.

Is í Topaic na Míosa ar ár suíomh idirlíon (www.gaeilge.slss.ie) ná ***"Céard iad na himeachtaí a bhíonn ar siúl i do scoil i rith Seachtain na Gaeilge?"*** Is iontach an áis í an fóram le smaointe a mhalartú le Múinteoirí Gaeilge eile maidir le céard atá beartaithe agaibh do Sheachtain na Gaeilge. Ar an gcaoi seo, cuirfear le tobar na bhféidearthachtaí agus beidh foinse shaibhir smaointe ann do gach múinteoir. Bainigí triail as!

Moladh - Coimeád an bhileog eolais seo i bhfillteán Roinn na Gaeilge. Is féidir í a íoslódáil freisin ónár suíomh idirlín ar leathanach na n-acmhainní.

Liosta de roinnt de na suímh idirlín úsáideacha atá bainteach le Seachtain na Gaeilge:

www.gaeilge.slss.ie: Is í topaic na míosa ar an bhfóram cainte ná *Céard iad na himeachtaí a bhíonn ar siúl i do scoil i rith Seachtain na Gaeilge?"* Brúigh an nasc "Acmhainní" chun teacht ar bhileoga oibre srl… faoi Lá 'le Pádraig.

www.snag.ie: Tá lámhleabhar meánscoile ar an suíomh seo ina bhfuil cur síos ar ghníomhaíochtaí is féidir a úsáid sa seomra ranga nó sa scoil i gcoitinne i rith Seachtain na Gaeilge. Chomh maith leis sin tá eolas faoi chomórtais atá eagraithe, ábhair tacaíochta atá ar díol agus naisc chuig suímh eile atá bainteach le Seachtain na Gaeilge.

www.snag/eventsireland.php:eolas ar fáil anseo faoi na himeachtaí atá ar siúl go háitiúil in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Breathnaigh ar shuíomh idirlíon d'ionad oideachais áitiúil le haghaidh cúrsaí dá chuid faoi Sheachtain na Gaeilge agus cultúr na hÉireann. Tá an-chuid imeachtaí eagraithe ag leabharlanna ar fud na tíre chomh maith chun Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh.Arís, bíonn an t-eolas ar a suímh idirlín. m.sh www.clarelibrary,ie

www.smo.uhi.ac.uk: eolas anseo faoi acmhainní atá ar fáil ar líne atá bainteach le Lá Fhéile Pádraig. www.mes-english.com; www.tobar.ie (Hot Potatoes); www.puzzlemaker.com; www.funbrain.com Is féidir lúbraí focal, crosfhocail, spléachchártaí, díslí, bileoga shaothair srl. a dhéanamh ar na suíomhanna seo.

www.stpatricksfestival.ie/cms/events.html: eolas faoi na himeachtaí éagsúla atá ar siúl do Lá 'le Padraig. http://www.stpatricksfestival.ie/downloads/Gaelspraoi.pdf lámhleabhar trí Ghaeilge ag cur síos ar imeachtaí trí Ghaeilge a bheidh ar siúl i rith Seachtain na Gaeilge.

www.antoireachtas.ie: Brúigh an nasc 'Fís agus Fuaim' le féachaint ar agus le héisteacht le cuid de na hamhráin a canadh ag an Oireachtas i mbliana.

www.ifi.ie: eolas anseo faoi thrí ghearrscannán Gaeilge nua atá á dtaispeáint in Institiúd Scannánaíocht na hÉireann i mBÁC i rith Seachtain na Gaeilge. Tá na ticéid saor in aisce.
www.tg4.tv agus www.tg4.ie: eolas faoi chláir TG4.
www.rte.ie agus www.rte/rnag: eolas faoi chláir agus podchraoltaí do Sheachtain na Gaeilge.
www.raidiorira.ie: stáisiún raidió Gaeilge ar líne a chraolann 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain. Craolfar clár speisialta dar teideal "Ceisteanna Craiceáilte" dírithe ar dhaoine óga i rith Seachtain na Gaeilge. Beidh babhta ceisteanna faoi cheol agus cúlchaint ar fáil i bhfoirm podchraolta 5-10 nóim á chraoladh gach lá scoile i rith Seachtain na Gaeilge.

Gníomhaíochtaí Ranga do Sheachtain na Gaeilge:

Mar is gnáth, tá straitéisí teagaisc agus foghlama, bileoga shaothair, tráth na gceist, crosfhocail, lúbraí focal, léamhthuiscintí srl.. bainteach leis na topaicí *Seachtain na Gaeilge* agus *Lá Fhéile Pádraig* le fáil ar an leathanach baile agus ar leathanach na n-acmhainní dár suíomh idirlín www.gaeilge.slss.ie Seo thíos sampla díobh:

Dóchas Linn Naomh Pádraig

Seo leagan d'amhrán dar teideal "Dóchas linn Naomh Pádraig. Chantaí an t-amhrán seo aimsir Lá 'le Pádraig. Tá botún amháin i ngach líne. Déan iarracht teacht ar na botúin, agus an focal ceart a chur isteach. Tá ceann amháin déanta mar shampla. "**Aspal"** in ionad **"Asal"**

Dóchas linn Naomh Pádraig
Éadóchas linn Naomh Pádraig
~~Asal~~mór na hÉireann,
Arm oirirc gléigeal,
Sonas mór an tsaoil é.
D'fhill le úrscéal grá dúinn
D'ainneoin blianta i ngéinte
Grá mór Mhac na páirce,
d'oscail cách ón daorbhroid.

Sligeach, gleannta, mánna,
's báisteach mór na hÉireann,
Ghlan sé iad sa cheo dúinn,
Míle glór dár naomh dhil.
Bearraimid ort, a Phádraig,
Suigh orainne Gaela,
Dia linn lá 'gus choíche
's Pádraig Asal Éireann



Agus an leagan ceart anois:
Dóchas linn Naomh Pádraig /Aspal mór na hÉireann,/ Ainm oirirc gléigeal, solas mór an
tsaoil é./D'fhill le soiscéal grá dúinn/ D'ainneoin blianta i ngéibheann./ Grá mór Mhac napáirte, / D'fhuascail cách ón daorbhroid / Sléibhte, gleannta, mánna, / 's bailte mór na hÉireann, / Ghlan sé iad go deo dúinn, / Míle glóir dár naomh dhil. /Iarraimid ort, a Phádraig, / Guigh orainne Gaela, / Dia linn lá 'gus oíche / 's Pádraig Aspal Éireann.

Guth an Chleachtóra.

Seo gníomhaíochtaí a dhéantar i scoileanna ar fud na tíre i rith Seachtain na Gaeilge:

Smaointe do Sheachtain na Gaeilge.
(le Máirín Uí Choileáin. Coláiste Cholmcille, Indreabhán. Co. na Gaillimhe)



Gníomhaíochtaí atá déanta agam féin ar scoil thar na blianta……..

Anois le teacht an Earraigh is síneadh le feiceáil sa lá díríonn áird go leor múinteoirí Gaeilge ar Sheachtain na Gaeilge is cén chaoi gur féidir linn céiliúradh a dhéanamh air a d'fheicfeadh fearr is barr scoláirí ag glacadh páirt is ag baint taitneamh agus tairbhe as a bpáirtíocht.

Ní hiad múinteoirí Gaeilge na scoile amháin atá in ann imeachtaí a eagrú. Céard faoin gComhairle Scoláirí ag tabhairt cúnamh le himeachtaí a reachtáil i rith am sosa? Imeachtaí ar nós tráth na gceist, céile, díospóireacht, ceolchoirm, seó talainne, cluichí trí Ghaeilge(ag braith ar céard a dhéantar sa scoil – sacar, cispheil, ficheall....), B'fhéidir go mbeadh an múinteoir corpoideachais in ann rang aclaíochta a chur ar fáil as Gaeilge lá amháin. (Tá an oiread sin béime ar shaol folláin na laethanta seo) Is iontach an bealach é le spiorad scoile a mhúscailt agus tugann sé deis do dhaoine eile sa scoil a bhfuil suim acu sa Ghaeilge páirt a ghlacadh. Feiceann scoláirí go bhfuil áit ag an nGaeilge taobh amuigh den seomra ranga.

Má tá rang Gaeilge eile ar siúl ag an am céanna le do cheannsa is féidir ceolchoirm beag a reachtáil leis an múinteoir eile. An bhfuil damhsóirí, amhránaithe, ceoltóirí sna ranganna? Go hiondúil níl uatha ach spreagadh, tá a gceird acu, ní gá duit é a mhúineadh! Cuir ábhar breise ar fáil agus coinnigh súil ar an gcuraclam tré dhráma beag nó dhó a dhéanamh as scéalta, dánta ar an gcúrsa. Cinnteoidh sé seo freisin nach ndéanfaidh na daltaí dearmad ar na scéalta ach oiread. Is féidir dánta a thionlaic le ceol freisin. Ná déan dearmad - úsáid samhlaíocht na ndaltaí, bíonn an-smaointe acu ar uairibh!

Tá roinnt mhaith scoláirí agus is aoibhinn leo a bheith ag tarraingt pictiúir. Tug deis dóibh le comórtas póstaeir. Déan cinnte go mbeidh roinnt Gaeilge ar na póstaeir chomh maith le pictiúr. Is féidir dánta, scéalta, carachtair, seanfhocail, nathanna, graiméar a bheith mar ábhar. Cuir taispeántas ar fáil i halla na scoile nó bhféidir sa leabharlann áitiúil nó gaileairí beag sa gceantar máguaird. Má tá Glór na nGael sa cheantar téigh chun cainte leo, ó thaobh aoi-chainteoir, urraíocht agus mar sin de.

Bíonn réimse mór comórtais á reachtáil ag na heagraíochtaí éagsúla Gaeilge i gcomhair Seachtain na Gaeilge. Faigh na scoláirí le hiarratais a chur isteach. Tabharfaidh sé seans dóibh a nGaeilge scríofa a chleachtadh agus tá duais mar chairéad – i bhfad níos tarraingtí ná 'scríobh an aiste seo i gcomhair obair bhaile'!

Is féidir 'Raidió na Gaeilge' a chur ar fáil má tá córas callaire sa scoil agus má deirtear paidreacha sa scoil gach lá céard faoi iad a chur ar fáil as Gaeilge i gcomhair na seachtaine?

Rud a spreagann scoláirí chun tabhairt faoi labhairt na teanga ná comórtas 'An Seomra is Gaelaí' a reachtáil. Is féidir trofaí a fháil agus ainm an ranga a fháil greannta air go bliantúil. Is féidir an seomra a mhaisiú ag coimeád béime ar úsáid na Gaeilge.

Rud eile a d'fhéadfadh scoláirí a spreagadh chun an teanga a úsáid ná ócáid bronnadh fáinní a chur ar fáil i rith na seachtaine agus pearsa éigin a fháil chun na fáinní a bhronnadh. Ní mór go mbeadh sé taispeáinte ag scoláirí roimhré go bhfuil siad sásta iarracht mhacánta a dhéanamh agus an teanga a labhairt. Déanfaidh siad botúin ach tug seans dóibh. Taithí a dhéanann máistireacht agus de réir mar a théann siad i dtaithí, ardaíonn a leibhéal féinmhuiníne, mothaíonn siad níos ábalta agus tugann siad faoi dhúshláin nua.

Téigh sa seans- is fiú an tairbhe an trioblóid!

Seachtain na Gaeilge i bPobalscoil Chill Dhéagláin. (le Máire Ní Mhurchú)



I rith na seachtaine seo gach bliain, cuirtear go leor imeachtaí ar fail do dhaltaí agus múinteoirí chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil.
Sna ranganna, bíonn diospóireachtaí,amhránaíocht agus ceol chomh maith le comórtais ealaíne agus filíochta.
Gach bliain, eagraítear imeachtaí éagsúla ar bhonn scoile. Mar shampla, bhí Seán Bán Breathnach againn mar fhear an tí do roinnt tráth na gceist le cúpla bliain anuas. Cuireadh ceardlanna scileanna sorcais ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaltaí sóisearacha, chomh maith le céilithe agus drámaí beaga.
Baineann daltaí agus múinteoirí araon taitneamh agus tairbhe as na himeachtaí seo. Tá súil againn go mbeidh a leithéid, agus níos mó againn arís i mbliana. Is iontach an rud é go bhfuil an tseachtain speisialta seo againn chun an Ghaeilge agus Cultúr na Gaeilge a spreagadh agus a chéiliúradh.

Seachtain na Gaeilge i gColáiste an Tulaigh Mhóir. (le hAilbhe Ní Mháirtín)

I mí Márta ceiliúrfaidh Coláiste an Tulaigh Mhóir Seachtain na Gaeilge. Eagróidh na múinteoirí Gaeilge imeachtaí éagsúla taobh istigh is taobh amuigh den seomra ranga. Beidh spórt agus spraoi ag na daltaí agus ag na múinteoirí uilig.
Beidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile don tseachtain. Beidh na fógraí go léir ar an gcalaire trí mheán na Gaeilge. Bainfidh na múinteoirí go léir úsáid as an méid Gaeilge atá acu. Tabharfar dearbháin do na daltaí a labhróidh Gaeilge sa scoil i rith na seachtaine agus ag deireadh na seachtaine bronnfar duais ar “Ghaeilgeoir na seachtaine”.
I measc na n-imeachtaí a bheidh ar siúl ag am lóin, beidh tráth na gceist, ní hamháin do na daltaí ach beidh na múinteoirí in iomaíocht lena chéile i dTráth na gCeist sa seomra foirne chomh maith. Dóibh siúd a bhfuil suim acu sa cheol, beidh seisiúin ceoil, amhránaíocht agus damhsa céilí ann. Do na daltaí a bhfuil suim acu i spórt beidh cluichí dúchasacha ar siúl ar nós an poc fada, iománaíocht agus peil Ghaelach. Do na healaíontóirí, eagrófar comórtas póstaeir bunaithe ar sheanfhocail.

Táimid cinnte go mbainfidh gach duine igColáiste an Tulaigh Mhóir taitneamh agus sult as Seachtain na Gaeilge.

Seachtain na Gaeilge Meánscoil na Sailíseach, Luimneach. (le hAnn Clifford)

Gach bliain tugann an rang CSTS fé thionscnamh. Sa bhliain 2008 beartaíodh tionscnamh traschuraclaim a dhéanamh do Sheachtain na Gaeilge - maidin caife sa rang eacnamaíocht bhaile. Rinne na scoláirí rudaí éagsúla sna ranganna difriúla. Sa rang Gaeilge rinne siad na cuirí, taighde ar sheanfhocail agus póstaeirí don ócáid. D’ullmhaigh siad liosta de na frásaí a bheadh uatha - “Fáilte romhat”, “An bhfuil tae nó caife uait?” srl… Sa rang matamaitice d’oibrigh siad ar an gcostas agus sa rang ealaíne rinne siad na maisiúcháin.
Rinne siad ullmhúchán i ngach rang eacnamaíocht bhaile; mhaisigh siad an seomra, d’ullmhaigh siad na cupáin, rinne siad an bia. Bhí post ag gach duine. D’fháiltigh scoláire roimh na haíonna, an príomhoide, an leaphríomhoide, an fhoireann teagaisc agus comhairle na scoláirí. Rinne triúr scoláire tae agus caife. Thóg scoláire eile grianghrafanna. Nigh na scoláirí na gréithe agus ghlan siad an chistin.
Bhain na scoláirí an-sult as an ócáid agus tá sé i gceist maidin caife eile a chur ar siúl i mbliana ach tá sé ar intinn againn cuireadh a thabhairt do na tuismitheoirí freisin.

Coláiste na Coiribe, Gaillimh. (le Breandán M “*Brandy*” Mac Gearailt)
Ní fheidhmíonn Coláiste na Coiribe faoi shrathar an tseachtain Ghaeilge oifigiúil. Eagraíonn muid imeachtaí Gaeilge nuair a oireann dúinn féin. Ó 2003 tá seachtain Gaeilge eagraithe againnn timpeall an ama céanna leis an gceann náisiúnta. Mar chuid de bíonn ollchomórtas díospóireachta againn sa scoil mar a mbíonn tuairim is leath do scoláirí na scoile páirteach. Sa bhabhta ceannais bíonn ar na foirne úsáid a bhaint as ríomhaire/teilgeoir/PowerPoint le tacú lena n-argóintí. Ina theannta sin bíonn tráth na gceist don dá timthriall. I mbliana eagraíodh cúpla lá Gaeilge roimh Nollaig. Mar chuid de seo bhí céilí agus lá ealaíona mar ar tharraing na scoláirí póstaeir de sheanfhocail Ghaeilge.

Tá nasc ar bun le Gaelcholáiste Thrá Lí ó 2004. Gach bliain tugann scoil amháin cuairt ar an gceann eile agus eagraítear comórtais chispheile, peile, sacair agus lúthchleasaíochta. Cuireann tráth na gceist le foirne measctha clabhsúr le himeachtaí an lae. I mbliana cuireadh córas cairde pinn ar bun le scoláirí ón dá scoil ag scríobh sraith litreacha go dtína chéile.

Holy Family Secondary School, Nás, Co. Chill Dara.
(le hAingeal Seoighe)

Seo iad na pleananna atá againn do Sheachtain na Gaeilge na bliana seo:

- Comórtas Póstaer don Chéad Bhliain, téama: Cultúr na hÉireann (ní mór Gaeilge a bheith ar na póstaeir)
- Céilí don Dara Bliain le hamhráin cosúil leis” an Dreoilín” agus “Cailín na Gaillimhe”
- Tráth na gCeist Boird don Chúigiú Bliain
- Ceolchoirm Traidisiúnta do na mná rialta agus na seandaoine áitiúla (tagann siad ar cuairt chugainn ó ionaid lae do sheandaoine)

Bíonn díolachán cácaí againn an tseachtain roimh ré chun airgead a bhailiú do na duaiseanna agus bíonn ar gach duine a ghlacann páirt euro amháin a íoc. Is iad an Idirbhliain a reáchtálann ‘chuile rud agus cuireann siad nuachtlitir le chéile bunaithe ar Sheachtain na Gaeilge freisin.

Pobalscoil San Lughaidh, Coillte Mach. Co. Mhuigh Eo. (le Mairéad Ni Ghearbháin; Gearóidín Ni Niadh; Martina Ní Dhuagain; Bríd Uí Néill Michelle Ní Oisín; Bernie Ni Chatháin)

I rith Seachtain na Gaeilge cuirimid béim ar an nGaeilge agus ar chultúr na Gaeilge sa scoil. Mar chuid de na himeachtaí a eagraímid bíonn maidin Ghaelach againn le daltaí na céad bliana agus lucht JCSP.

Ritheann muid céilí don chéad ceithre rang ar maidin agus bíonn cóisir bheag againn do na daltaí tar éis an chéilí. Múineann muid damhsa amháin i dtosach agus ansin cuireann muid é sin ar siúl.Tar éis cúpla cleachtadh déanann muid damhsa nua. Na damhsaí a dheanann muid ná, Ballaí Luimnigh, Staicín Eorna, Ionsaí na hInse srl. Baineann siad an-taitneamh astu.

Cuireann muid cluiche Biongó ar siúl freisin. Do na ranganna sinsearacha cuireann muid Tráth na gCeist Boird agus amhránaíocht ar siúl chomh maith le scannáin trí Ghaeilge a thaispeáint dóibh.

Deanann muid iarracht teacht suas le himeachtaí éagsúla 'chuile bhliain.

Anuraidh phioc muid an téama "Mise Eire" do pharáid Lá Fhéile Phádraig leis an idirbhliain. Rinne muid damhsa Gaelach agus ghléas siad suas don fhlóta.

Táimid ag súil le grúpa scoláirí a thabhairt chuig an nGaeltacht an bhliain seo chugainn ar thuras lae mar thug muid grúpa LCA ann anuraidh agus bhain siad taitneamh as.

Pobal scoil Naomh Eoin Bosco. Cill an Dísirt, Co. an Chláir. (le Deirdre Ni Chonbhe)

I bPobalscoil Naomh Eoin Bosco i gCill an Dísirt cuirimid béim ar labhairt na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge gach lá ach go háirithe i rith Seachtain na Gaeilge. Glacann daltaí sinsearacha agus sóisearacha páirt sa chomórtas aiste a eagraítear mar chuid de "Fhéile na hInse". Le comhairle ón múinteoir ealaíne glacann na daltaí páirt sa chomórtas ealaíne chomh maith agus baineann siad spraoi as seo mar crochtar na pictiúir timpeall na scoile sula seoltar ar aghaidh iad chuig coiste na féile.

I ngach rang déanann na daltaí pictiúir daite le crochadh suas sna seomraí éagsúla agus iad bunaithe ar sheanfhocail. Déanann siad bratacha i gcomhair Lá Fhéile Pádraig.

Bíonn cuid de na daltaí ag léamh ag Aifreann Gaeilge ar Lá Fhéile Pádraig agus cuidímid leo ag cleachtadh na léachtaí agus ag ullmhú na bpaidreacha.

Uaireanta freisin glacaimid páirt i gcomórtas banna ceoil d' Fhéile na hInse.

Déanaimid "Trath na gCeist" sna ranganna ar scoil.

Glacann daltaí ó gach bliain páirt i gcomórtas labhairt na Gaeilge in óstán áitiúil in Inis mar chuid den fhéile. Tugann an comórtas seo deis iontach dóibh bheith ag caint as Gaeilge le deagóirí eile ar chomhaois leo siúd agus dar ndóigh is seans iontach é chomh maith roinnt ullmhúcháin a dhéanamh do na béaltrialacha.

Seachtain na Gaeilge in Our Lady's School, Tír an Iúir, Co. Átha Cliath. (le Freda Kinsella)

Gach bliain sa scoil déanaimid iarracht réimse leathan imeachtaí a eagrú chun spéis na ndaltaí ar fad a mhúscailt. Cuirimid isteach ar na comórtais éagsúla a eagraíonn Conradh na Gaeilge, ar ndóigh ach eagraítear comórtais inmheánacha sa scoil freisin. De ghnáth sa chéad bhliain eagraítear comórtas na bpóstaer-bíonn ar gach dalta sa chéad bhliain póstaer a tharraingt bunaithe ar na seanfhocail. Cuirtear na póstaeir ar taispeáint timpeall na scoile agus iarrtar ar Roinn na hEalaíne na buaiteoirí a roghnú.

Sa dara agus sa tríú bliain cuirtear an bhéim ar an scríbhneoireacht agus bíonn ar dhaltaí dánta nó rannta éagsúla a chumadh ar théamaí áirithe.

Do lucht na hArdteiste eagraítear comórtas aiste-bíonn ar dhaltaí aiste a scríobh ar théama a bhaineann leis an saol comhaimseartha nó leis an mbród náisiúnta.

Sna ranganna an tseachtain sin dírítear ar an gceol agus ar an rince. Déanaimid amhráin ar nós 'Tír na n-Óg' , 'An Dreoilín' , 'Amhrán na bhFiann' leis na ranganna. Anuas ar sin déantar iarracht na daltaí ó na blianta éagsúla a thabhairt le chéile chun céimeanna bunúsacha damhsa a mhúineadh le cabhair ó na daltaí atá níos cumasaí.

Ansin cuirtear céilí mór ar siúl am lóin le cabhair ón séú bliain. Le cúpla bliain anuas bhí orainn na céilithe a roinnt: céilí do na daltaí sóisearacha agus ceann do na daltaí sinsearacha mar bhí an oiread sin daoine ag iarraidh a bheith páirteach ann!

I mbliana tá sé i gceist againn seó faisin a chur ar siúl trí Ghaeilge. Tá lucht na hidirbhliana chun seó a ullmhú i mBéarla agus táimid chun an deis a thógáil ceann a reachtáil i nGaeilge freisin.

Le blianta beaga anuas táimid tar éis páirt a ghlacadh san Fhéile Scoildrámaíochta agus de ghnáth bíonn na babhtaí ceannais ar siúl roimh laethanta saoire na Cásca. Mar sin úsáidimid imeachtaí na seachtaine seo mar chleachtadh agus cuirimid an seó ar siúl do ranganna éagsúla chun an spéis sa drámaíocht a chothú agus chun misneach a thabhairt dóibh siúd a bheidh ag glacadh páirte sa chomórtas. Anuraidh rinneamar leagan gearr den cheoldráma 'Hairspray' , nó 'Spré Gruaige' mar is fearr aithne air inár scoil!!! I mbliana tá sé i gceist againn tabhairt faoi 'Mamma Mia'.

Táimid fíorbhuíoch díbh ar fad a sheol ailt faoi Sheachtain na Gaeilge chugainn. Faraor, de bharr easpa spáis ní rabhamar in ann iad ar fad a chur sa bhileog seo ach tá na cinn nach bhfuil i gcló anseo ar fáil ar an leathanach baile dár suíomh idirlín www.gaeilge.slss.ie.

Bainigí taitneamh as Seachtain na Gaeilge!